Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Public Notice

## FÓGRA MAIDIR LE COMHAIRLIÚCHÁN RÉAMHDHRÉACHTA CHUN PLEAN CEANTAIR ÁITIÚIL A ULLMHÚ DO BHAILE BOGÁIN

## AN TACHT UM PHLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ) ALT 20(1)

Tugtar fógra leis seo go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an tÚdarás Pleanála do Chathair Bhaile Átha Cliath, Dréachtphlean Ceantair Áitiúil (LAP) a ullmhú le haghaidh **tailte ag Eastát Tionscail Bhaile Átha Cliath agus a phurláin,** Baile Átha Cliath 7 agus Baile Átha Cliath 11, agus go bhfuil sí anois ag glacadh páirte i gcomhairliúchán réamhdhréachta de bhua Alt 20(1) d'Acht um Phleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) ón **Aoine, an 28 Aibreán go dtí an Aoine an 26 Bealtaine 2023.**

Reáchtálfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath roinnt seisiún faisnéise buail isteach i rith thréimhse a taispeána poiblí chun an próiseas a bhaineann leis an LAP a chur i dtoll a chéile a phlé agus a mhíniú, atá ainmnithe go sealadach mar LAP Bhaile Bogáin, agus cabhróidh foireann na Comhairle leo siúd a bhfuil ceisteanna acu maidir le conas aighneacht a dhéanamh. Cuirfear eolas maidir le dátaí agus ionaid na seisiún buail isteach seo ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Féach ar www.dublincity.ie le haghaidh tuilleadh nuashonruithe i rith na tréimhse taispeána.

Tá 'Páipéar Saincheisteanna Réamhdhréachta' ullmhaithe chun léargas ginearálta a thabhairt ar na príomh-shaincheisteanna forbartha a mbeidh sé riachtanach díriú orthu sa cheantar agus chun díospóireacht phoiblí a spreagadh maidir leis na ceisteanna ginearálta pleanála agus forbartha ba cheart a bhreithniú sa LAP nua. Tá an Páipéar Saincheisteanna seo le fáil ag na háiteanna seo a leanas:

- **Ar líne:** www.dublincity.ie
- Ag **Oifigí na Cathrach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Urlár na talún, Bloc 4, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8** i rith uaireanta oscailte poiblí, **Luan – Aoine, 9.00am - 4.30pm.**
- Ag **Oifig Cheantar Fhionnghlaise, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Ionad Cathrach Fhionnghlaise, Bóthar Uí Mhaoilíosa, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11**, i rith uaireanta oscailte poiblí, **Luan – Aoine, 9.00am - 4.00pm.**

Fáiltítear roimh bhreathnóireachtaí nó aighneachtaí i scríbhinn maidir leis an bPáipéar Saincheisteanna Réamhdhréachta nó aon phríomh-shaincheisteanna eile ar mian leat iad a áireamh in ullmhú an Dréacht-LAP nua ó bhaill den phobal agus ó gach páirtí leasmhar eile i rith na tréimhse idir an **Aoine, an 28 Aibreán agus an Aoine, an 26 Bealtaine, an dá lá sin san áireamh.**

Tá cuireadh á thabhairt do dhaoine aonair, grúpaí, eagraíochtaí nó ionadaithe, mar aon le leanaí nó grúpaí nó cumainn a bhfuil ionadaíocht á déanamh acu ar leasa leanaí, páirt a ghlacadh i bhforbairt an Dréacht-LAP nua.

Déan d'aighneacht trí **mheán amháin** mar seo a leanas:

- **Ar líne ag an nasc URL:** https://consult.dublincity.ie/

  **nó,**

- **Tríd an bpost chuig an seoladh seo a leanas:**

  **An tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, (Dréachtphlean Ceantair Áitiúil Bhaile Bogáin),**
  **Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath,**
  **An Roinn Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine,**
  **Bloc 4, Urlár 3, Oifigí na Cathrach,**
  **An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8.**
  **D08 RF3F**

Ba cheart na sonraí seo a leanas a sholáthar i dteannta le gach aighneacht - d'ainm agus seoladh teagmhála, agus más cuí, sonraí maidir le haon eagraíocht, grúpa pobail nó cuideachta etc., a bhfuil ionadaíocht á déanamh agat dó/di.

Cuirfear san áireamh gach aighneacht agus breathnóireacht bhailí a bhaineann leis an Dréacht-LAP Beartaithe curtha faoi bhráid an Údaráis Pleanála suas go dtí agus lena n-áirítear **Dé hAoine, an 26 Bealtaine 2023** san áireamh nuair a bheidh Dréacht-LAP Bhaile Bogáin á ullmhú. Tabhair faoi deara le do thoil nach mbreathnófar ar aighneachtaí / tuairimí déanacha.

Is próiseas oscailte poiblí é an próiseas Pleanála agus sa chomhthéacs sin, cuirtear gach doiciméad ar fáil lena scrúdú ag an bpobal. **Foilseofar gach aighneacht agus tuairim ar líne agus ní fhoilseofar do sheoladh.** Tá tú freagrach as a chinntiú nach gcuirtear aon fhaisnéis chráiteach, leabhalta nó rúnda, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le tríú páirtí (nár thoiligh an tríú páirtí, go sainráite nó go hintuigthe sna himthosca, lena nochtadh) i d'aighneacht nó breathnóireacht nó cuid de nach gcomhlíonann an ceanglas seo.

Beidh an chéim chomhairliúcháin réamhdhréachta seo mar bhonn le hullmhú Dhréacht-LAP Bhaile Bogáin, a bheidh faoi réir tuilleadh comhairliúcháin ina dhiaidh sin agus a mbeidh Tuarascáil Chomhshaoil i dteannta leis a ullmhaíodh mar chuid de Mheasúnú Straitéiseach Timpeallachta faoi na Rialacháin Phleanála agus Forbartha (Measúnú Straitéiseach Timpeallachta), 2004 (arna leasú). Chomh maith leis sin, beidh an Dréacht-LAP faoi réir cheanglais Mheasúnacht Chuí faoin Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE).

## NOTICE OF PRE-DRAFT CONSULTATION FOR PREPARATION OF LOCAL AREA PLAN FOR BAILE BOGÁIN (BALLYBOGGAN)

## PLANNING AND DEVELOPMENT ACT 2000 (AS AMENDED) SECTION 20(1)

Notice is hereby given that Dublin City Council, being the Planning Authority for Dublin City, intends to prepare a Draft Local Area Plan (LAP) for **lands at Dublin Industrial Estate and environs,** Dublin 7 and Dublin 11, and is now engaging in pre-draft consultation pursuant to Section 20(1) of the Planning and Development Act 2000 (as amended) from **Friday 28th of April to Friday 26th of May 2023.**

Dublin City Council will hold a number of drop in information sessions in the locality over the period of public display to discuss and explain the process for making the LAP, provisionally named as the Baile Bogáin LAP, and will assist with any queries in relation to making a submission. Information on dates and venues for these drop in sessions will be made available on the Dublin City Council website. Please check www.dublincity.ie for further updates during the display period.

A 'Pre-Draft Issues Paper' has been prepared to give a broad overview of the main development issues facing the area and to stimulate public debate on what broad planning and development matters should be considered in the new LAP. The Issues Paper is available for inspection at the following locations:

- **Online at:** www.dublincity.ie
- At **Dublin City Council Civic Offices, Ground floor, Block 4, Wood Quay, Dublin 8** during public opening hours, **Monday – Friday 9.00am to 4.30pm.**
- At **Dublin City Council Finglas Area Office, Finglas Civic Centre, Mellowes Road, Finglas, Dublin 11,** during public opening hours, **Monday – Friday 9.00am to 4.00pm.**

Written observations or submissions regarding the Pre-Draft Issues Paper or any other key issues that you wish to have considered in the preparation of the new Draft LAP are invited from members of the public and all other interested parties during the period **Friday 28th of April to Friday 26th of May 2023, inclusive.**

Individuals, groups, organisations or representatives, as well as children, or groups or associations representing the interests of children, are all invited to play a part in shaping the new Draft LAP.

Please make your submission by **one medium only** as follows:

- **Online at link URL:** https://consult.dublincity.ie/

  **or,**

- **By post to the following address:**

  **Senior Executive Officer (Draft Baile Bogáin Local Area Plan)**
  **Dublin City Council,**
  **Planning and Property Development Department,**
  **Block 4, Floor 3, Civic Offices,**
  **Wood Quay, Dublin 8.**
  **D08 RF3F**

All submissions should include your name and a contact address, and where relevant, details of any organisation, community group or company etc., which you represent.

The Planning process is an open and public one and in that context, all documents are made available for public inspection. **All submissions and observations will be published online and your address will not be published.** You are responsible for ensuring that no vexatious, libellous or confidential information, including information relating to a third party (in respect of which the third party has not, expressly, or impliedly in the circumstances, consented to its disclosure) is included in your submission or observation or part thereof that does not comply with this requirement.

All valid submissions and observations received with respect to the Proposed Draft LAP made to the Planning Authority up to and including **Friday 26th May 2023** will be taken into consideration during the preparation of the Draft Baile Bogáin LAP. Please note late submissions/observations will not be considered.

This pre-draft consultation phase will inform the preparation of the Draft Baile Bogáin LAP, which will be subject to further consultation at a later stage and will be accompanied by an Environmental Report prepared as part of a Strategic Environmental Assessment under the Planning and Development (Strategic Environmental Assessment) Regulations, 2004 (as amended). The Draft LAP will also be subject to Appropriate Assessment requirements under the Habitats Directive (92/43/EEC).